Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 19 Iúil 2022
(OR. en)

10831/22

LIMITE

CORLX 591
CFSP/PESC 865
MAMA 96
FIN 726

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1277 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1277 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1277[1] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin.

(2) Beidh feidhm ag Cinneadh (CBES) 2021/1277 go dtí an 31 Iúil 2022. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 31 Iúil 2023.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/1277 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

[1] Cinneadh (CBES) 2021/1277 ón gComhairle an 30 Iúil 2021 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Liobáin (IO L 277I, 2.8.2021, lch. 16).

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad míre d'Airteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2021/1277:

'Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí 31 Iúil 2023 agus coinneofar faoi shíor-athbhreithniú é. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC